Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8101/26**

**EF 105**
**ECOFIN 447**
**DELACT 69**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2152 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 8.4.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gcead trádála le linn tréimhsí dúnta, liosta na n-ionad trádála ainmnithe a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh, agus na táscairí cúblála margaidh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2152 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2152 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2026
C(2026) 2152 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.4.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gcead trádála le linn tréimhsí dúnta, liosta na n-ionad trádála ainmnithe a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh, agus na táscairí cúblála margaidh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

### Cúlra dlíthiúil

Le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014[1] ('an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh') bunaítear creat aonfhoirmeach chun drochúsáid mhargaidh i margaí airgeadais a chosc agus a bhrath. Tugadh isteach na leasuithe reachtacha is déanaí ar an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh le Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] ('an Gníomh um Liostú'). Bhí sé d'aidhm ag an nGníomh um Liostú na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le cuideachtaí tráth an liostaithe agus fad is atá siad liostaithe a mhaolú agus a dhéanamh níos comhréirí, agus leibhéal leordhóthanach trédhearcachta, cosanta infheisteoirí agus sláine an mhargaidh á chaomhnú an tráth céanna.

### Idirbhearta le linn tréimhsí dúnta a dhéanann daoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta

Leagtar síos in Airteagal 19 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh bearta coisctheacha in aghaidh déileáil chos istigh a bhaineann le daoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta agus le daoine a bhfuil dlúthbhaint acu leo sin. Áirítear ar na bearta sin toirmeasc ar dhaoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta idirbhearta a dhéanamh ar ionstraimí airgeadais ábhartha le linn tréimhsí sainithe áirithe ('tréimhsí dúnta'), mura bhfuil feidhm ag díolúine. Le hAirteagal 19(13) den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh, tugtar de chumhacht don Choimisiún na himthosca a shonrú faoina bhféadfaidh eisitheoir trádáil le linn tréimhse dhúnta a cheadú de bhun Airteagal 19(12) den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh, rud a rinne an Coimisiún i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522.

Cuimsíodh sa Ghníomh um Liostú ionstraimí airgeadais nach scaireanna iad i raon feidhme na ndíolúintí a leagtar síos in Airteagal 19(12) den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh. Is gá, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

### Sásra chun sonraí ordaithe a mhalartú

Chomh maith leis an ualach riaracháin ar eisitheoirí a laghdú, neartaigh an Gníomh um Liostú cumas na n-údarás inniúil cásanna drochúsáide margaidh trasteorann a bhrath agus a fhorfheidhmiú trí shásra a chruthú lenar féidir sonraí ordaithe de thionscnamh ionad trádála a bhfuil gné shuntasach thrasteorann ag baint leo a mhalartú go leanúnach agus go tráthúil (féach Airteagal 25a den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh). Leis an nGníomh um Liostú, tugadh de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na hionaid trádála sin a ainmniú ar bhonn a n-ábharthachta maidir le maoirseacht a dhéanamh ar dhrochúsáid mhargaidh i dtéarmaí (i) méideanna trádála foriomlána in aicmí éagsúla ionstraimí airgeadais (nach lú ná EUR 100 billiún in aghaidh na bliana in aon cheann de na 4 bliana dheireanacha) agus (ii) méideanna trádála in ionstraimí airgeadais a bhfuil a margadh is leachtaí i mBallstát eile (nach lú ná 50 % nuair a thomhaistear mar chóimheas iad). Ag an gcéad chéim, ní chumhdófar leis an sásra chun sonraí ordaithe a mhalartú ach scaireanna. Ag an dara céim, ba cheart an sásra a leathnú chun sonraí ordaithe maidir le bannaí agus

[1] Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj).

todhchaíochtaí a chumhdach, faoi réir moladh dearfach ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

**Táscairí cúblála margaidh**

Leagtar síos in Airteagal 12 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh na gníomhaíochtaí a mheastar a bheith ina gcúbláil mhargaidh. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin na nithe seo a leanas:

(a) idirbheart a dhéanamh, ordú chun trádála a dhéanamh, nó aon iompraíocht eile:

(i) faoina dtugtar, nó faoinar dócha go dtabharfar, comharthaí míthreoracha nó bréagacha maidir le soláthar ionstraime airgeadais, conartha spot-tráchtearraí ghaolmhair nó táirge cheantáilte atá bunaithe ar liúntais astaíochta, maidir leis an éileamh atá orthu, nó maidir lena bpraghas; nó

(ii) faoina socraítear, nó faoinar dócha go socrófar, an praghas atá ar ionstraim airgeadais amháin nó níos mó, ar chonradh spot-tráchtearraí gaolmhara nó ar tháirge ceantáilte atá bunaithe ar liúntais astaíochta ar leibhéal neamhghnách nó saorga;

(b) idirbheart a dhéanamh, ordú chun trádála a dhéanamh, nó aon ghníomhaíocht nó iompraíocht eile a dhéanamh a imríonn tionchar, nó ar dócha go n-imreoidh sé tionchar, ar an bpraghas atá ar ionstraim airgeadais amháin nó níos mó, ar chonradh spot-tráchtearraí gaolmhar nó ar tháirge ceantáilte atá bunaithe ar liúntais astaíochta, ina n-úsáidtear seift shamhailteach nó aon chineál eile meabhlaireachta nó saorgachta.

Leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh liosta neamh-uileghabhálach de tháscairí iompraíochta cúblála a bhaineann le húsáid a bhaint as seift shamhailteach nó as aon chineál eile meabhlaireachta nó saorgachta, agus liosta neamh-uileghabhálach de tháscairí a bhaineann le comharthaí bréagacha nó míthreoracha agus le socrú praghsanna ('táscairí cúblála margaidh').

Le hAirteagal 12(5) den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh tugtar de chumhacht don Choimisiún na táscairí cúblála margaidh a shonrú chun a ngnéithe a shoiléiriú agus chun forbairtí teicniúla ar mhargaí airgeadais a chur san áireamh. Shonraigh an Coimisiún na táscairí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún[2].

**Cuspóirí an rialacháin tharmligthe seo**

Leis an rialachán tarmligthe seo leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- léiriú a thabhairt ar raon feidhme níos leithne na ndíolúintí ón toirmeasc ar dhaoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta trádáil a dhéanamh le linn tréimhsí dúnta a leagtar amach in Airteagal 19(12) den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh;

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh comhlachtaí poiblí agus bainc cheannais tríú tíortha áirithe, táscairí cúblála margaidh, na tairseacha nochta, an t-údarás inniúil le haghaidh fógraí faoi mhoilleanna, an cead trádála le linn tréimhsí dúnta agus cineálacha idirbheart bainisteoirí infhógartha (IO L 88, 5.4.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/522/oj).

- liosta d'ionaid trádála ainmnithe a bhunú chun an sásra chun sonraí ordaithe a mhalartú dá dtagraítear in Airteagal 25a den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh a chur chun feidhme i leith scaireanna;
- Iarscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta maidir leis na cleachtais lena sonraítear na táscairí cúblála margaidh, chun forbairtí teicniúla a chur san áireamh, amhail trádáil algartamach, agus chun roinnt crostagairtí earráideacha a cheartú.

Is é is aidhm do na leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 cumas na n-údarás inniúil a neartú chun drochúsáid mhargaidh a bhrath agus rialacha maidir le drochúsáid mhargaidh a fhorfheidhmiú i dtimpeallacht trádála atá ag éirí níos comhtháite agus níos casta.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

An 6 Meitheamh 2024, d'iarr an Coimisiún comhairle theicniúil ar ESMA maidir le sainaithint na n-ionad trádála a thagann faoi raon feidhme an tsásra nua chun sonraí ordaithe maidir le scaireanna a mhalartú (Airteagal 25a den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh). Rinne ESMA comhairliúchán poiblí le páirtithe leasmhara maidir leis an modheolaíocht chun ionaid trádála a bhfuil gné shuntasach thrasteorann ag baint leo a shainaithint. Bhí an comhairliúchán ar siúl ón 12 Nollaig 2024 go dtí an 13 Feabhra 2025[3]. Cuireadh toradh an chomhairliúcháin, lena n-áirítear an liosta beartaithe d'ionaid trádála ainmnithe, in iúl don Choimisiún i mí na Bealtaine 2025.

Leis na nuashonruithe atá beartaithe ar na cleachtais lena sonraítear na táscairí cúblála margaidh, cuirtear le taithí na n-údarás inniúil maidir le maoirseacht a dhéanamh ar dhrochúsáid mhargaidh agus tugtar léiriú leo ar an gcomhairle a chuir ESMA ar fáil i litir rúnda a fuarthas i mí Feabhra 2025.

Ón 18 Nollaig 2025 go dtí an 12 Eanáir 2026, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Sainghrúpa an Choiste Eorpaigh um Urrúis maidir leis an dréachtrialachán tarmligthe. Fuair an Coimisiún barúil amháin le linn an chomhairliúcháin sin inar léiríodh tacaíocht agus inar luadh go mbeadh gá, tar éis an Ghnímh um Liostú a theacht i bhfeidhm, le tuilleadh leasuithe chun go bhféadfaí tuairisciú comhiomlánaithe a dhéanamh ar chláir aischeannaigh scaireanna. Tugann an Coimisiún dá aire go mbeadh gá leis na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1052 ón gCoimisiún a leasú chun athruithe a bhaineann le cláir aischeannaigh scaireanna a dhéanamh agus, dá bhrí sin, go bhfuil na cláir sin lasmuigh de shainchúram an Rialacháin Tharmligthe seo.

Foilsíodh an dréachtrialachán tarmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine ón 17 Nollaig 2025 go dtí an 14 Eanáir 2026, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Fuair an Coimisiún sé bharúil inar cuireadh in iúl tacaíocht fhoriomlán agus nár tarraingíodh aon saincheist shubstainteach anuas iontu. Shainaithin freagróir amháin neamhréireacht dhlíthiúil idir raon feidhme na ndíolúintí ón toirmeasc ar dhaoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta trádáil a dhéanamh le linn tréimhsí dúnta, arna leathnú leis an nGníomh um Liostú, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522. Leasaigh an Coimisiún an dréachtrialachán tarmligthe chun a áirithiú go léirítear go cruinn i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 raon feidhme leathnaithe na ndíolúintí sin sa Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh.

[3] *Consultation on the draft technical advice concerning MAR and MiFID II SME GM*.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 1 tugtar isteach leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 a mhéid a bhaineann le hidirbhearta daoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta a dhéantar le linn tréimhsí dúnta, an sásra chun sonraí ordaithe a mhalartú, agus na táscairí cúblála margaidh.

Le hAirteagal 2, leagtar amach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Tharmligthe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.4.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an gcead trádála le linn tréimhsí dúnta, liosta na n-ionad trádála ainmnithe a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh, agus na táscairí cúblála margaidh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún[4], agus go háirithe Airteagal 12(5), Airteagal 19(13) agus Airteagal 25a(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 19(11) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, cuirtear toirmeasc ar dhaoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta ionstraimí airgeadais áirithe a thrádáil le linn tréimhse 30 lá féilire roimh thuairisciú airgeadais an eisitheora (tréimhse dhúnta), mura bhfuil feidhm ag díolúine. Le Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], leasaíodh Airteagal 19(12) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 chun raon feidhme na ndíolúintí a leathnú chun ionstraimí airgeadais seachas scaireanna a chumhdach. Ba cheart an leasú sin ar Airteagal 19(12) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 a léiriú i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún[6].

(2) Le blianta beaga anuas, tá athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht trádála san Aontas de bharr iomadú na n-ionad trádála. Tá dúshláin thábhachtacha mhaoirseachta ag baint leis an iomadú sin, ós rud é gur minic a dhéantar trádáil ionstraimí airgeadais in ionaid iomadúla agus thar theorainneacha san Aontas. Méadaíonn sé sin an riosca go mbeidh ionaid trádála iomadúla atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla i gceist le cleachtais

[4] IO L 173, 12.6.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/596/oj.

[5] Rialachán (AE) 2024/2809 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/1129, (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L, 2024/2809, 14.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2809/oj).

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine le haghaidh comhlachtaí poiblí agus bainc cheannais tríú tíortha áirithe, táscairí cúblála margaidh, na tairseacha nochta, an t-údarás inniúil le haghaidh fógraí faoi mhoilleanna, an cead trádála le linn tréimhsí dúnta agus cineálacha idirbheart bainisteoirí infhógartha (IO L 88, 5.4.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/522/oj).

drochúsáide margaidh. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, le hAirteagal 25a de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar ionaid trádála a bhfuil gné shuntasach thrasteorann ag baint leo sásra a chur ar bun chun sonraí ordaithe maidir le hionstraimí airgeadais a fhaightear ó na hionaid trádála sin a mhalartú ar bhonn leanúnach i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. De bhun Airteagal 25a de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, ag an gcéad chéim, faoin 5 Meitheamh 2026, ceanglaítear ar údaráis inniúla sásra a chur ar bun chun go bhféadfar sonraí ordaithe maidir le scaireanna a mhalartú go leanúnach agus go tráthúil. Ag an dara céim, faoin 5 Meitheamh 2028, tá an sásra sin le leathnú chun sonraí ordaithe maidir le bannaí agus todhchaíochtaí a chumhdach freisin. Le hAirteagal 25a(7) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, tugtar de chumhacht don Choimisiún liosta a bhunú d'ionaid trádála ainmnithe a bhfuil gné shuntasach thrasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh. Ar bhonn anailís sonraí ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ESMA'), agus na critéir a leagtar amach in Airteagal 25a(7) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 á gcur san áireamh, shainaithin an Coimisiún na hionaid trádála a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh i ndáil le scaireanna. Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 a leasú chun liosta na n-ionad trádála sainaitheanta sin a chuimsiú.

(3) Shonraigh an Coimisiún na táscairí cúblála margaidh a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522. Ag cur le taithí na n-údarás inniúil ar mhaoirseacht a dhéanamh ar dhrochúsáid mhargaidh, agus forbairtí teicniúla á gcur san áireamh, lena n-áirítear úsáid teicnící trádála algartamacha, is gá Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 a thabhairt cothrom le dáta chun a shonrú, agus na táscairí cúblála margaidh á gcur i bhfeidhm, gur cheart do rannpháirtithe margaidh agus d'údaráis inniúla a mheas gur féidir cúbláil margaidh a dhéanamh i dtréimhsí ama atá níos giorra nó níos faide ná lá nó seisiún trádála, go háirithe i gcás ina mbaineann cúbláil margaidh le hionstraimí airgeadais nach bhfuil chomh leachtach sin nó ina bhfuil trádáil algartamach i gceist léi. Féadfar cúbláil margaidh a dhéanamh freisin trí orduithe chun trádáil a dhéanamh nó trí idirbhearta as a n-eascraíonn athruithe suntasacha ar mhéid ionstraime. Dá bhrí sin, is gá a shonrú freisin, agus Táscairí A(a) agus A(d) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 á gcur i bhfeidhm, go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar orduithe chun trádáil a dhéanamh nó ar idirbhearta as a n-eascraíonn athrú suntasach ar mhéid, agus ní hamháin ar phraghas, ionstraime airgeadais, conartha spot-tráchtearraí ghaolmhair, nó táirge cheantáilte atá bunaithe ar lamháltais astaíochtaí. Thairis sin, chun neamhchosaintí indíreacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh, is gá a shonrú, chun críocha Tháscaire A(b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, go bhféadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh agus údaráis inniúla breithniú a dhéanamh freisin ar orduithe chun trádáil a dhéanamh nó idirbhearta a dhéanann daoine nach bhfuil suíomh suntasach ceannaigh nó díola acu ach a bhfuil leas suntasach acu in athrú ar phraghas na hionstraime ábhartha nó a bhfuil neamhchosaint shuntasach acu air, lena n-áirítear leas suntasach nó neamhchosaint trí ghlaonna ar éarlais nó trí chúnaint fiachais. Chun soiléireacht dhlíthiúil a fheabhsú agus cóineasú maoirseachta a áirithiú, is iomchuí freisin gnéithe áirithe de Tháscairí A(b), A(d), agus A(e) a shonrú a thuilleadh. Ar deireadh, is gá crostagairtí earráideacha a cheartú.

(4) Ós rud é go bhféachann cinneadh raon feidhme an cheada chun trádáil le linn tréimhsí dúnta, sainaithint ionad trádála a bhfuil gné shuntasach thrasteorann ag baint leo, agus

na táscairí athbhreithnithe cúblála margaidh le héifeachtacht an chreata maidir le drochúsáid mhargaidh a fheabhsú, go háirithe trí chumas na n-údarás inniúil cásanna drochúsáide margaidh a shainaithint agus a fhorfheidhmiú a neartú, leagtar síos leis an Rialachán seo forálacha atá bunaithe ar na sainorduithe a leagtar amach in Airteagal 12(5), Airteagal 19(13) agus Airteagal 25a(7) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522**

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'**Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/522 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine ó chur i bhfeidhm an Rialacháin sin le haghaidh comhlachtaí poiblí agus bainc cheannais tríú tíortha áirithe, na táscairí cúblála margaidh, na tairseacha nochta, an t-údarás inniúil le haghaidh fógraí faoi mhoilleanna, an cead trádála le linn tréimhsí dúnta, na cineálacha idirbheart bainisteoirí infhógartha agus an liosta d'ionaid trádála ainmnithe a bhfuil gné shuntasach thrasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh**';

(2) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (6):

'(6) cineálacha idirbheart lena ngníomhachtaítear an dualgas fógra a thabhairt faoi idirbhearta bainisteoirí;';

(b) cuirtear isteach an pointe (7) seo a leanas:

'(7) ionaid trádála a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh.';

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Sna himthosca a leagtar amach in Airteagal 19(12), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, sula ndéanfar aon trádáil le linn na tréimhse dúnta, soláthróidh duine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta iarraidh réasúnaithe i scríbhinn don eisitheoir chun cead a fháil ón eisitheoir dul ar aghaidh le díol láithreach scaireanna nó ionstraimí airgeadais nach scaireanna iad le linn tréimhse dhúnta.

Leis an iarraidh i scríbhinn, tabharfar tuairisc ar an díol atá beartaithe agus míneofar cén fáth gurb é díol scaireanna nó ionstraimí airgeadais nach scaireanna iad an t-aon rogha mhalartach réasúnta chun an maoiniú is gá a fháil.';

(4) leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cead a thabhairt dul ar aghaidh le díol láithreach a scaireanna nó ionstraimí airgeadais nach scaireanna iad le linn tréimhse dhúnta, déanfaidh eisitheoir measúnú, ar bhonn cás ar chás, ar an iarraidh i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 7(2). Ní bheidh sé de cheart ag an eisitheoir cead a thabhairt scaireanna nó ionstraimí airgeadais nach scaireanna iad a dhíol láithreach ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil na himthosca a bhaineann leis na hidirbhearta sin eisceachtúil.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) ní mór dó nó di gealltanas a chomhlíonadh, nó baineann cás leis nó léi ar cuireadh tús leis roimh thús na tréimhse dúnta agus lena gceanglaítear go n-íocfar suim le tríú páirtí, lena n-áirítear dliteanas cánach, agus nach féidir leis nó léi gealltanas airgeadais nó éileamh airgeadais a chomhlíonadh go réasúnach ar mhodh eile seachas scaireanna nó ionstraimí airgeadais nach scaireanna iad a dhíol láithreach;'.

(5) cuirtear isteach an tAirteagal 10a seo a leanas:

'*Airteagal 10a*

**Ionaid trádála ainmnithe chun sonraí ordaithe a mhalartú**

Na hionaid trádála a liostaítear in Iarscríbhinn III, measfar gur ionaid trádála iad a bhfuil gné shuntasach thrasteorann ag baint leo maidir le maoirseacht ar dhrochúsáid mhargaidh i leith scaireanna dá dtagraítear in Airteagal 25a de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.';

(6) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(7) déantar an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur isteach mar Iarscríbhinn III.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*